AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.10.2025
SWD(2025) 289 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

A ghabhann leis an doiciméad

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le soláthairtí seachtracha cumhachta, luchtairí gan sreang, ceapa luchtúcháin gan sreang, luchtairí ceallra le haghaidh ceallraí inaistrithe d'úsáid ghinearálta agus cáblaí USB Type-C, de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1782 ón gCoimisiún

{C(2025) 6759 final} - {SEC(2025) 264 final} - {SWD(2025) 288 final}

Measúnú tionchair maidir le Rialachán lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le soláthairtí seachtracha cumhachta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1782

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Díoltar breis agus 400 milliún soláthar seachtrach cumhachta san Aontas Eorpach gach bliain. Soláthraíonn siad leictreachas do ghairis deiridh leictreonacha agus leictreacha amhail ríomhairí glúine, fóin chliste, ródairí gan sreang agus scuaba fiacla leictreacha. Rialaítear a n-éifeachtúlacht fuinnimh faoi Rialachán (AE) 2019/1782 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta. Tá ceanglas sa rialachán go ndéanfaí athbhreithniú air i bhfianaise an dul chun cinn theicneolaíoch. Sainaithnítear sa chlásal athbhreithnithe roinnt ceanglas sonrach nach mór aghaidh a thabhairt orthu go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoi ualach 10 %, an raon feidhme agus na gnéithe a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, go háirithe idir-inoibritheacht.

Rinneadh meastóireacht ar an rialachán agus fuarthas go raibh sé éifeachtach maidir le tomhaltas fuinnimh soláthairtí seachtracha cumhachta a laghdú. Fuarthas freisin go bhfuil sé fós ábhartha, ach sainaithníodh go bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe ag baint leis an margadh athraitheach le haghaidh táirgí cumhachtaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra atá ag teacht chun cinn maidir le tuilleadh tairbhí fuinnimh, comhshaoil agus tuilleadh tairbhí do thomhaltóirí.

Ar leithligh, trí leasú a dhéanamh ar Threoir 2014/53/AE maidir le Trealamh Raidió, thóg an tAontas an chéad chéim i dtreo réiteach luchtúcháin uilíoch le haghaidh gairis leictreonacha. Leis sin, sainordaíodh nascóir coiteann agus prótacal luchtaithe le haghaidh raon gaireas leictreonach, go háirithe fóin chliste, ríomhairí glúine agus táibléid. Aithníodh tráth an ghlactha go raibh gá ann ag an am céanna soláthairtí seachtracha cumhachta a úsáidtear chun cumhacht a thabhairt do na gairis sin agus do ghairis chomhchosúla a rialáil.

Is é is aidhm don idirghabháil na ceanglais éicidhearthóireachta is fearr is féidir a shainaithint maidir le soláthairtí seachtracha cumhachta chun cur le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus comhshaoil an Aontais, chun tacú le geilleagar níos ciorclaí agus chun bacainní ar sholáthairtí seachtracha cumhachta sa mhargadh aonair a sheachaint. Ciallaíonn ceanglais na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht gur cheart déine na gceanglas éifeachtúlachta fuinnimh a shocrú ar an leibhéal chun an costas saolré is ísle a bhaint amach do thomhaltóirí, coigilteas costais a bhaint amach agus rannchuidiú le spriocanna foriomlána an Aontais ag an am céanna.

Faoi láthair, tá thart ar 11,6 TWh i gceist le tomhaltas fuinnimh thart ar 2 bhilliún de na soláthairtí seachtracha cumhachta san Aontas agus, is ionann é sin agus thart ar 0,5 % d'ídiú leictreachais deiridh an Aontais. Tarlaíonn astaíochtaí fuinnimh agus astaíochtaí truailleán freisin le linn a monaraithe. Meastar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa óna dtáirgeadh agus óna n-úsáid a bheith thart ar 2 Mt CO_{2eq} in aghaidh na bliana.

Cad é toradh measta an tionscnaimh seo?

Tá coinne leis go mbeidh soláthairtí seachtracha cumhachta níos éifeachtúla ann mar thoradh ar an tionscnamh, soláthairtí seachtracha cumhachta a úsáidfidh níos lú leictreachais chun cumhacht a thabhairt do na gairis deiridh agus, ar an gcaoi sin, a shábhálfaidh airgead ar a mbille leictreachais do thomhaltóirí. Beidh astaíochtaí truailleán agus gás ceaptha teasa níos ísle ó ghiniúint leictreachais mar thoradh air freisin.

Trí na ceanglais idir-inoibritheachta, laghdóidh an tionscnamh an gá a bheidh ann do thomhaltóirí soláthairtí seachtracha cumhachta nua a cheannach le gach táirge cumhachtaithe agus laghdóidh sé a gcaiteachas. Toisc nach gceannófar an oiread soláthairtí seachtracha cumhachta ní bheidh an oiread gá le hábhair agus beidh fuinneamh níos ísle agus astaíochtaí truailleán níos ísle ó mhonarú.

Nuair a thógtar iad sin le chéile, cuireann na ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh agus idir-inoibritheachta sin le cuspóirí fuinnimh, aeráide agus comhshaoil an Aontais.

Tá coinne leis go gcuirfidh na ceanglais idir-inoibritheachta go mór leis an áisiúlacht do thomhaltóirí trína áirithiú go mbeidh soláthairtí seachtracha cumhachta in-athúsáidte le gairis éagsúla agus go mbeifear in ann ceann eile a chur ina n-ionad go héasca i gcás ina dteipeann ar cheann nó ina dtéann sé amú.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Glacadh an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, lena soláthraítear an creat chun feidhmíocht soláthairtí seachtracha cumhachta agus táirgí eile a bhaineann le fuinneamh a rialáil, chun an breisluach AE a áirithiú. Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis feidhmíocht chomhshaoil na dtáirgí sin a rialáil agus a áirithiú an tráth céanna go bhfuil na ceanglais mar an gcéanna ar fud an mhargaidh aonair agus, ar an gcaoi sin, seachnaítear aon bhacainn ar shaorghluaiseacht táirgí.

Trí cheanglais éicidhearthóireachta a bhunú ar leibhéal an Aontais, cuirtear táirgí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus níos tíosaí ar fhuinneamh ar fáil ar fud an Aontais, i ngach Ballstát. Tá an margadh seo i bhfad níos mó ná an margadh i mballstát aonair agus dá bhrí sin cruthaíonn sé dreasacht i bhfad níos mó don tionscal táirgí a nuáil agus a fhorbairt, ar táirgí iad a chomhlíonann na ceanglais ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de.

Dá bhrí sin, is léir go bhfuil breisluach ag baint le ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú ar leibhéal an Aontais. Gan ceanglais chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí na Ballstáit a dhreasú chun íoscheanglais náisiúnta táirgeshonracha a leagan síos faoi chuimsiú a mbeartais náisiúnta comhshaoil agus fuinnimh lena gcruthaítear bacainní ar thrádáil. Bhí an cás amhlaidh i gcás cuid mhaith táirgí sular bunaíodh bearta éicidhearthóireachta ar leibhéal an Aontais.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Fiosraíodh raon leathan beart a d'fhéadfaí a dhéanamh trí idirphlé le páirtithe leasmhara san Fhóram Comhairliúcháin maidir leis an Éicidhearthóireacht agus le Lipéadú Fuinnimh agus i gcruinnithe déthaobhacha agus trí bharúlacha i scríbhinn freisin. Leis na bearta sin a fiosraíodh tugadh aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar idir-inoibritheacht agus ar mharthanacht na soláthairtí seachtracha cumhachta.

Breithníodh comhaontú deonach ach tá líon an-mhór monaróirí i gceist leis an táirge agus mar sin níl sé inchreidte go mbunófaí comhaontú den sórt sin lena gcumhdófaí sciar mór den mhargadh. Níor léirigh an tionscal spéis i gcomhaontú den sórt sin agus mar sin cuireadh an rogha seo i leataobh.

Caitheadh bearta éagsúla eile i dtraipisí tar éis réamhanailís a dhéanamh, lena n-áirítear:

- Ceanglais indeisitheachta.
- Comhchuibhiú agus teorainneacha éifeachtúlachta gníomhacha le haghaidh luchtú gan sreang.
- Lipéad Fuinnimh an Aontais Eorpaigh.
- Díchuachadh éigeantach soláthairtí seachtracha cumhachta ón táirge cumhachtaithe.
- Raon feidhme a leathnú chuig soláthairtí seachtracha cumhachta le haghaidh trealamh soilsithe agus rothair leictreacha.
- Ceanglais faisnéise maidir le héifeachtúlacht.
- Ceanglais USB maidir le catagóirí áirithe táirgí a chumhachtú le soláthairtí seachtracha cumhachta, lena n-áirítear feidhmeanna fliuchúsáide, folúsghlantóirí, bréagáin agus gairis fuaime.

Rinneadh measúnú ar roghanna beartais lena ndéantar bearta éagsúla a phacáistiú chun raon leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh agus gnéithe den gheilleagar ciorclach a fhiosrú. Roghnaíodh an rogha beartais ab fhearr a rangaíodh ar an rogha ab fhearr nuair a scóráladh í ar a héifeachtúlacht fuinnimh chun an costas is ísle do thomhaltóirí ar feadh na saolré a bhaint amach, ar a héifeachtacht maidir le húsáid fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú, ar a héifeachtúlacht costais agus ar a comhleanúnachas le beartas eile de chuid an Aontais. Comhcheanglaítear na bearta seo a leanas leis an rogha beartais ab fhearr:

- An raon feidhme a leathnú chuig luchtairí gan sreang, gairis luchtaithe ceallra aonchille, insteallairí gníomhacha Cumhacht thar Ethernet agus USB neamhspleách soláthairtí seachtracha cumhachta.
- Ceanglais idir-inoibritheachta le haghaidh soláthairtí seachtracha cumhachta ag a bhfuil cumhacht aschuir faoi bhun 240W, chun gairis deiridh a chumhachtú amhail: Trealamh TF agus teileachumarsáide (e.g. ródairí gan sreang), leictreonaic tomhaltóirí agus oifige (e.g. monatóirí ríomhaire, boscaí bairr, consóil chluichíochta), gairis luchtaithe ceallra aonchille, ceapa luchtúcháin gan sreang.
- Ceanglais faisnéise maidir le hidir-inoibritheacht lena n-áirítear lógó Luchtaire Uilíoch an Aontais.
- Íoscheanglas éifeachtúlachta ag oibríocht ualaigh 10 % le haghaidh soláthairtí seachtracha

cumhachta > 10W.

- Meáncheanglais ghníomhacha níos déine agus ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh gan ualach.
- Teorainn ídithe cumhachta fuireachais le haghaidh ceapa luchtúcháin gan sreang.
- Seachtrú ciorcadra soláthair cumhachta le haghaidh luchtairí gan sreang agus luchtairí ceallra aonchille.
- Ceanglais mharthanachta, go háirithe cáblaí aschuir inbhainte.

Fágfaidh an rogha beartais ab fhearr, go dtiocfaidh idir thart ar 35 % go 40 % eile de mhargadh soláthairtí seachtracha cumhachta an Aontais chun bheith idir-inoibritheach sa bhreis ar an 50 % a bhfuil coinne leis a bheith ann mar thoradh ar cheanglais na Treorach maidir le Trealamh Raidió.

Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?

Chuathas i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe ó údaráis náisiúnta, ó chomhlachais thionsclaíocha, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus ó ghrúpaí tomhaltóirí le linn an phróisis athbhreithnithe. Cuireadh tacar tosaigh roghanna faoi bhráid an Fhóraim Comhairliúcháin maidir leis an Éicidhearthóireacht agus le Lipéadú Fuinnimh i mí Feabhra 2023. Tionóladh an dara Cruinniú den Fhóram Comhairliúcháin i mí na Samhna 2023. Cuireadh an réamhanailís, an mheastóireacht agus na doiciméid ábhartha uile ar fáil do rannpháirtithe ar líne, lena n-áirítear miontuairiscí, cuir i láthair, agus páipéir sheasaimh na bpáirtithe leasmhara. Tionóladh cruinnithe déthaobhacha freisin le comhlachais thionsclaíocha agus le saineolaithe teicniúla.

Bhí eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus tomhaltóirí go mór i bhfabhar éifeachtúlacht níos déine agus ceanglais idir-inoibritheachta agus mharthanachta a thabhairt isteach. Bhí seasaimh na mBallstát níos caolchúisí, agus bhí cuid acu i bhfabhar ceanglais éifeachtúlachta níos déine agus bhí cuid eile acu amhrasach faoi cheanglais mharthanachta. Ba ghnách leis an ngnó agus leis an tionscal a bheith níos amhrasaí maidir leis na ceanglais éifeachtúlachta ag ualach 10 % agus maidir leis na gnéithe idir-inoibritheachta agus marthanachta.

Fuarthas tromlach na bhfreagairtí mar fhreagairt ar na bearta idir-inoibritheachta. Go háirithe, tharraing roinnt Ballstát agus comhlachas tionscail saincheisteanna sábháilteachta anuas a d'fhéadfadh a bheith ann do sholáthairtí seachtracha cumhachta a oibríonn i dtimpeallachtaí fliucha (e.g. seomraí folctha), nó a éilíonn cosaint shonrach díluchtaithe leictreastataigh (e.g. folúsghlantóirí). Bhí imní ann freisin maidir le feidhmeanna soilsithe. Iarradh soiléireacht maidir leis na ceanglais le haghaidh gairis luchtaithe ceallra. Cuireadh argóintí i láthair i bhfabhar tairseach infheidhmeachta do na ceanglais nua ualaigh 10 %. D'iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil diancheanglais éifeachtúlachta, le haghaidh luchtú gan sreang agus ceanglais mharthanachta bhreise le haghaidh cáblaí freisin.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad tairbhí agus costais na rogha beartais ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí agus costais na bpríomhroghanna)?

Is iad na príomhthairbhí a bhfuil coinne leo ón rogha beartais ab fhearr úsáid fuinnimh níos ísle, le linn úsáide agus monaraíochta araon, agus bainteach leis sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán níos ísle. Úsáidfear níos lú ábhair i monarú soláthairtí seachtracha cumhachta, mar thoradh ar athúsáid níos mó soláthairtí seachtracha cumhachta, agus ó dhóchán breosla chun leictreachas a ghiniúint.

I dtéarmaí cainníochtúla, meastar go sábhálfaidh an rogha beartais ab fhearr thart ar 3 % de thomhaltas fuinnimh saolré soláthairtí seachtracha cumhachta, 9 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara agus thart ar 13 % d'astaíochtaí truailleán gaolmhara gach bliain faoi 2035, iad uile i gcomparáid leis an gcás

‘gnó mar is gnách’. Is é an toradh a bheidh ar na tairbhí sin laghdú thart ar EUR 100 milliún in aghaidh na bliana ar chaiteachas tomhaltóirí faoi 2035. Meastar go mbeidh an coigilteas costais saolré sochaíoch beagán níos airde ag thart ar EUR 130 milliún in aghaidh na bliana.

Mar thoradh ar na ceanglais idir-inoibritheachta, tiocfaidh méadú mór ar áisiúlacht do thomhaltóirí, rud a mheastar, má chuirtear luach airgid air, a thabharfaidh sochair bhreise do thomhaltóirí d’ord méide inchomparáide.

An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Níl aon tionchar breise ar bhuiséid náisiúnta ná ar údaráis riaracháin náisiúnta. I gcás monaróirí, bheadh ualach riaracháin breise thar a bheith teoranta ann mar thoradh ar na bearta atá beartaithe, mar gheall ar cheanglais maidir le faisnéis bhreise shonrach a phriontáil agus mar gheall orthu sin amháin. Meastar go mbeidh na costais bhreise sin chun lógó an Luchtaire Uilíoch a chomhtháthú ar ainmchlár an tsoláthair sheachtraigh cumhachta agus ar a phacáistiú sa raon fo-cent suas le huasmhéid EUR 0,001 in aghaidh an aonaid a dhíolfar, arb ionann é agus uasmhéid de thart ar EUR 400 000 in aghaidh na bliana do na soláthairtí seachtracha cumhachta uile a chuirfear ar mhargadh an Aontais.

An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?

Tá coinne leis go dtacóidh an t-athbhreithniú seo leis an nuálaíocht, mar thoradh ar íoscheanglais theicniúla a leagan síos agus iomaíocht a fhágáil maidir le conas iad a chomhlíonadh. Tacaíonn sé le treochtaí leanúnacha an mhargaidh i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh níos airde. Tá na ceanglais seo a leanas nua agus tá coinne leis go leanfar iad i margaí agus i ndlínsí eile:

- Ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh ag ualach 10 %.
- Ceanglais idir-inoibritheachta lena n-áirithítear comhoiriúnacht soláthairtí seachtracha cumhachta chun raon leathan trealaimh a chumhachtú.
- Ceanglais mharthanachta lena méadaítear cáilíocht fhoriomlán agus saolré fhoriomlán soláthairtí seachtracha cumhachta a dhíoltar san Aontas.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh 5 bliana tar éis an Rialachán athbhreithnithe a ghlacadh. Ag an bpointe sin, dhéanfaí meastóireacht ar an Rialachán bunaithe ar shonraí margaidh agus ar fhaisnéis eile.